

# C.M.E. TEORANTA

Indreabhán, Co. na Gaillimhe

- \* Soláthraíonn C.M.E. Teoranta réimse leathan trucaíli agus iomparán sábhála airgid agus taisceadán oíche do bhancanna agus d'institiúidí eile airgeadais.
- \* Déanann muid fearais chomhadaithe le haghaidh ospidéal agus saotharlann, agus easportáiltear go dtí na Stáit Aontaithe agus go dtí Mór-roinn na hEorpa iad.
- \* Táirgíonn muid cásanna ríomhairí agus páirteanna miotail le haghaidh thionscail na leictreonaice.
- \* Tá monarcha nua-aoiseach againn le hinnealra mionchruinn inti, agus tá foireann fíor-oilte againn a chuireann béim ar leith ar chruinneas, ar fheabhas, agus ar chríochnú ár dtáirgí.
- \* Ní hionadh mar sin, gur roghnaigh Córas Tráchtála muid le bheith páirteach i dTaispeántas Idirnáisiúnta Slándála in Essen na Gearmáine i mbliana.



A Shoilse, Christopher Uas. Fogarty, Ambasadóir na hÉireann chun na Gearmáine agus an Dr. J. Maguire, Stiúrthóir C.T.T. Dusseldorf ag scrúdú na dtáirgí a bhí ar taispeánt ag C.M.E. Teoranta i rith Taispeántas Security 80 in Essen san Iar-Ghearmáin.

## AN TEANGA MHARBH

Ar chualais léan-scrios na teanga Ghaeilge,  
Agus meoin a tréithre go tréan dhá leaghadh,  
Mar tá sí tréigthe ar son an Bhéarla,  
Ag Rialtas Éireann nach ndearna í a chleachtadh  
Éirigh is dúisigh a chlanna Gaela  
Is scaipigí an scéal ar fud gach baile  
Go labharfar Gaeilge ar fud na hÉireann  
Ó na bánta méithe go dtí na leaca lom.

Ó fuair muid saoirse ba mhór an scéal é  
Go raibh scoth na nGaeilgeoirí, ag teicheadh as baile  
Ó Dhún na nGall go hOileán Chléire,  
Ó Chorca Dhuibhne is ó Chonamara,  
A d'fhága athair is máthair go brónach cráite  
Is nach mór an crá é i mbéal gach teaghlach.  
Is dá gcuirfeá slat ar Éire ó dheas go Déise,  
Nach iomaí Gael acu nach dtiocfadh abhaile.

Éirigh agus dúisigh a chlanna Gaela  
Is ligigh don scian is géire a dul a fearradh  
Mar má chailleann muid an teanga Ghaeilge  
Go deo na ndeor ní thabharfar ar ais í  
Scaipfidh néal dubh ar fud na spéartha,  
Is beidh loma-léin ar mhuir is talamh,

Slán le hÉire agus a chlann fré chéile  
Is nach iomaí duine a déarfás cé'r tharla an taisme.

Pádraic Ó Fatharta,  
An Teach Mór.

Scriobhadh an dán seo i 1974.

## BÓTHAR NA TRÁ

le Mícheál Breathnach

Bhí mé lá i mBóthar na Trá  
Ba shuaimhneach sásta sómhar mé,  
Ar aghaidh na mara is Cho. an Chláir,  
Inse Áram — cré na naomh.

Mo bhrón mé i bhfad ó mhuir is ó thrá,  
Mo bhrón gach lá fear dubhach leis fhéin,  
Ag cuimhniú ar gach súgradh is greann  
Dá mbíodh san áit ina hoileadh mé

Le ceol na mara cuirim slán,  
Le toinn, le trá, le scread na néan;  
Tá an Geimhreadh ag teacht i mBóthar na Trá  
Is tá mo thriall-sa ar thíortha i gcéin.

## Go maire siad a nuaíocht

Phós Bernadette Ní Fhlaithearta, An Lochán Beag,  
agus Seán Mac Risteard, Baile Liam. 14.3.'81.

Phós Máire Áine Ní Chualáin, Na hAille agus  
Mícheál De Búrca, Caisleán Gearr. 15.7.'81.

Phós Máirín Ní Choisdealbha, Na hAille agus  
Pádraig Ó Neachtain, Gleannach Muireann. 18.7.'81.

*Slíocht Sleachta ar shlíocht a sleachta!*

Baisteadh na leanaí 'oga seo i Séipéal an Chnoic i  
mbliana:

Séamus Ó Conghaile, An Cnoc a rugadh  
1.1.1981.

Dómhnall Ó Fátharta, Saile Thúna. 5.1.'81.

Tomás Éamonn Ó Neachtain, Seanamhóinín.  
9.2.'81.

Sinéad Ainglín Ní Mháille, Cor na Rón Lár.  
9.2.'81.

Bernadette Róisín Ní Choisdealbha, Baile na  
mBroghach. 10.2.'81.

Cathal Ó Conaire Lochán Beag, cúpla, 10.2.'81.  
Stiofán Ó Conaire

Mairéad Máire Ní Chadhain, Lochán Beag,  
22.2.'81.

Gearóid Séamus Ó Conchúir, Bothúna. 4.3.'81.

Eoin Diarmaid Ó Duibhir (mac le Peigín Ní  
Churraoin, Cré Dhubh, agus Séamus Ó Duibhir.  
23.4.81.

Tomás Seosamh Ó Tuathail, Coill Rua Thoir.  
20.5.'81.